FOLÚNTAS DO MHÍ BEALTAINE 2015 NÓ A LUAITHE IS FÉIDIR INA DHIAIDH SIN

**Gaelcholáiste Dhoire, Dún Geimhin, Contae Dhoire**

# PRÍOMHOIDE TEAGAISC (LÁNAIMSEARTHA)

**Scála tuarastail: L11-L17 £48,504 - £56,109 in aghaidh na bliana**

Is meánscoil nuabhunaithe é Gaelcholáiste Dhoire atá ar tí an chéad iontógáil daltaí a ghlacadh isteach i Meán Fómhair 2015.

Is soláthar iar-bhunscoile ilchreidmheach, 11-19, uile-ábaltachta, comhoideachais, lán-Ghaeilge é Gaelcholáiste Dhoire. Tá d'aidhm ag Gaelcholáiste Dhoire bheith ina sholáthar páiste-lárnach a riarfaidh ar riachtanais agus ar mhianaidhmeanna na ndaltaí uilig i dtimpeallacht tumoideachais dinimiciúil agus spreagúil. Beidh an suíomh teanga seo mar bhonn tacaíochta faoi sholáthar barrfheabhais san oideachas le béim ar smaointeoireacht neamhspleách, anailíseach agus chruthaitheach. Tá an Ghaeilge luachmhar ag Gaelcholáiste Dhoire mar ghné atá riachtanach le féintuiscint, comhthuiscint, forbairt shamhlaíoch agus meas ar éagsúlacht chultúrtha a bhaint amach. Beidh Gaelcholáiste Dhoire ina scoil phobail a chothóidh naisc láidre leis an phobal Gaeloideachais áitiúil agus leis an phobal i gcoitinne.

*Critéir riachtanacha:*

- Bheith cáilithe mar mhúinteoir agus cláraithe le Comhairle Ghinearálta Teagaisc Thuaisceart na hÉireann (GTCNI) faoin am a dtosófaí sa phost;
- Taithí 6 bliana ar a laghad mar mhúinteoir iar-bhunscolaíochta (in earnáil an Ghaeloideachais nó an Bhéarla) agus/nó taithí choibhéiseach ag obair i gcomhlacht cleamhnaithe oideachasúil le 10 mbliana anuas;
- Ardchaighdeán Gaeilge labhartha agus scríofa;
- Fianaise inléirithe ar bheith i gceannas ar ghné d'fheabhsúchán uilescoile;
- Taithí inléirithe i mbainistiú daoine agus/nó acmhainní.

*Critéir Inmhianaithe*

- Taithí cheannaireachta inléirithe ar bheith ag obair i gcomhpháirtíocht le tuismitheoirí nó leis an phobal nó le gníomhaireachtaí seachtracha;
- Eolas inléirithe ar an oideachas lán-Ghaeilge agus ar phrionsabail an tumoideachais;
- Taithí ar bheith i do bhall d'fhoireann cheannasaíochta shinsearach;
- An Cháilíocht Ghairmiúil Príomhoide a bheith agat nó cáilíocht ardleibhéil ábhartha.

**NB: Don phost seo déanfar measúnú ar chumas Gaeilge na n-iarrthóirí le linn an agallaimh.**

**Beidh sé de cheart ag an phainéal ceapacháin cur leis na critéir ghearrliostaithe leis an ghearrliostú a éascú.**

**Is féidir foirmeacha iarratais agus tuilleadh eolais a fháil má chuirtear ríomhphost chuig Cathaoirleach an Phainéil Cheapacháin, ag gaelcholaistedhoire@gmail.com NÓ má chuirtear clúdach A4 a bhfuil seoladh agus stampa mór den chéad ghrád air (cinntigh go bhfuil an postas ceart air) chuig Niall Ó Catháin, Cathaoirleach an Phainéil Cheapacháin, Gaelcholáiste Dhoire, f/ch An Carn, 132A Bóthar Thír Chiana, Machaire Rátha, Co. Dhoire, BT46 5NH faoi 5 p.m. Déardaoin 26 Márta 2015.**

**NÍ GHLACFAR LE hIARRATAIS MHALLA**

**Is fostóir comhdheise é Gaelcholáiste Dhoire Teoranta agus fáiltítear roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu beag beann ar chreideamh, ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitíochta, ar aois, ar ghnéaschlaonadh nó cé acu atá nó nach bhfuil cleithiúnaithe acu. Is ar bhonn fiúntais amháin a mheasfar gach iarratas.**

**Tá poist a bhaineann le hobair in institiúidí oideachasúla faoi réir fhorálacha an Ordaithe um Chosaint Páistí agus Daoine Fásta Leochaileacha (TÉ) 2007.**